

Oifig an Ard-Aighne
Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
Scéim faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla
OFFICIAL LANGUAGES ACT 2003
ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

SCHEME 2015 - 2018

SCÉIM 2015 - 2018

CLÁR ÁBHAR

- 1. Réamhrá agus Cúlra**
- 2. Oifig an Ard-Aighne ina n-áirítear Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas**
- 3. Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**
- 4. Páirtithe Leasmhara**
- 5. Feabhsú na seirbhísí atá le cur ar fáil trí mheán dátheangach**
- 6. Monatóireacht**
- 7. Poibliú na Scéime comhaontaithe**

1. Réamhrá agus Cúlra

Is í Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, a d’ullmhaigh an Scéim seo, an tríú Scéim Teanga Ghaeilge, faoi Alt 15 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (“an tAcht”). Foráiltear faoin Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí Scéim reachtúil ina sonrúfar na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla;

agus na bearta a nglacfar lena chinntiú go soláthróidh an comhlacht, trí mheán na Gaeilge agus laistigh d’amscála arna comhaontú, aon seirbhís nach bhfuil á soláthar aige cheana féin sa teanga sin.

Áirítear le hOifig an Ard-Aighne (OAA) Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (ODP) agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS).

Mar gheall ar an bprionsabal um scaradh cumhachtaí, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gcuireann an tArd-Aighne comhairle dlí ar bhraintí eile den Rialtas, is é sin le rá, an tUachtarán agus na braintí reachtacha agus breithiúnacha. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin nach gcuireann an tArd-Aighne agus foireann na hOifige comhairle dlí ar dhaoine den phobal ná nach ndéanann siad aon taighde dlí ar a son. Ba chóir do dhaoine den phobal ar mian leo comhairle dlí a iarraidh dul i gcomhairle lena gcuid

comhairleoirí féin. I dtaca le Caingne Insteora agus Scéim an Ard-Aighne, dírimid d’aird ar an fhaisnéis atá ar an láithreán gréasáin atá againn ag <http://www.attorneygeneral.ie/>, ar a bhfuil sonraí ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon.

1.1 Treoirlínte faoi ullmhúchán Scéime

Foráiltear in Alt 12 den Acht d’ullmhúchán treoirlínte ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus dá n-eisiúint do chomhlachtaí poiblí chun cuidiú leo dréacht-Scéimeanna a ullmhú. Rinneadh an Scéim seo a dhréachtú agus aird á tabhairt ar na treoirlínte sin.

Faoi Alt 13 den Acht, d’fhoilsigh na hOifigí fógra ar láithreán gréasáin Oifig an Ard-Aighne agus ar láithreán gréasáin Tuairisc.ie ar an 13 Deireadh Fómhair 2014, ag iarraidh uiríoll ó pháirtithe leasmhara maidir le hullmhú na dréacht-Scéime. Ceapadh an 10 Samhain 2014 mar dháta deiridh chun aighneachtaí a bheith faighte ó pháirtithe leasmhara. Cuireadh na haighneachtaí sin san áireamh agus an Scéim seo á hullmhú, mar aon le tuairimí agus moltaí ón bhfoireann sa dá Oifig. Is féidir féachaint ar na haighneachtaí ar www.attorneygeneral.ie. Is mór ag na hOifigí an t-am agus an dua a chaith gach duine a bhí i gceist sa phróiseas sin.

1.2 Ábhar na Scéime 2015 – 2018

Faoin Scéim seo, cuirtear leis an dul chun cinn a rinneadh i soláthar seirbhísí trí Ghaeilge nuair a bhí an chéad dá Scéim Ghaeilge á bhforfheidhmiú. Chuimsigh an chéad dá Scéim gealltanais leathana

maidir le feabhas a chur ar leibhéal na seirbhíse trí Ghaeilge, agus comhlíonadh na gealltanais sin ar fad. Áirítear leo sin an tsuntasacht chéanna a thabhairt don leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ar láithreán gréasáin Oifig an Ard-Aighne agus ar láithreán gréasáin Phríomh-Aturnae an Stáit, agus freagra i nGaeilge a thabhairt ar chomhfhreagras a fhaightear trí Ghaeilge. Más amhlaidh go ndéantar imeachtaí dlí a thionscnamh trí Ghaeilge, sanntar an cás do bhaill foirne dlí i ngach Oifig a bhfuil inniúlacht Ghaeilge acu agus ainmneoidh an Oifig abhcóide a bhfuil líofacht Ghaeilge aige nó aici chun feidhmiú don Stát. Chomh maith leis sin, tomhaiseann an dá Oifig go leanúnach leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge ó chliaint agus ó chustaiméirí agus cuireann siad bearta breise i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun freastal ar na héilimh sin. Rinne Oifig an Choimisinéara Teanga meastóireacht ar an gcéad dá Scéim in 2011 agus 2014 faoi seach.

Is é an cuspóir atá ag an tríú Scéim seo leanúint le comhlíonadh na ngealltanais a leagadh amach sa chéad dá Scéim agus an leibhéal seirbhíse a fheabhsú thar thréimhse Scéim 2015 – 2018.

Saináithnítear i gCaibidil 5 den Scéim na réimsí ina gcuirfear feabhas ar sheirbhísí a sholáthraíonn na hOifigí trí Ghaeilge.

Is Grúpa ionadaithe ón dá Oifig a d'ullmhaigh an Scéim. Is ar na Coistí Comhairleacha Bainistíochta áitiúla agus ar an bPríomh-Chomhchoiste Comhairleach Bainistíochta OAA/OPAS a bheidh an fhreagracht as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim.

Áirítear leis an Scéim freisin tiomantas chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus chun a chinntiú go leanfaidh na hOifigí ar aghaidh ag freastal ar an éileamh sin ar bhealach atá pleanáilte, comhleanúnach agus inrochtana. Thairis sin, leanfaidh na hOifigí ar aghaidh ag tomhas líon na bhfiosruithe agus na n-iarratas ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge ar bhonn bliantúil.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Beidh feidhm ag an Scéim ón 15 Meitheamh 2015, agus beidh sí i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go ndaingneoidh an tAire Scéim nua de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu ceann is déanaí.

2. Oifig an Ard-Aighne ina n-áirítear Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas

2.1 Ról an Ard-Aighne

Déantar cur síos ar ról an Ard-Aighne in Airteagal 30 an Bhunreacht mar an té "is comhairleach don Rialtas i gcúrsaí dlí agus tuairimí dlí". Tá feidhmeanna, cumhachtaí agus dualgais an Ard-Aighne le fáil sa Bhunreacht, sa reachtaíocht (alt 6 den Acht Airí agus Rúnaithe, 1924 den chuid is mó), sa tionól bunreachtúil agus i gcinntí breithiúnacha arna seachadadh roimh bhunú an Stáit agus ina dhiaidh sin. De bhua an naoú cuid den sceideal a ghabhann leis an Acht thuasluaite, bíonn rialú agus freagracht ag an Ard-Aighne i leith Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

2.2 Róil agus Feidhmeanna Oifig an Ard-Aighne

Sonraítear i Ráiteas Straitéise na hOifige 2011 - 2014:-

"Is é bunchuspóir Oifig an Ard-Aighne seirbhísí dlí den chaighdeán gairmiúil is airde a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí ar shlí atá chomh tíosach éifeachtúil agus is féidir."

Is iad príomhróil na hOifige:

- tacaíocht agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne chun dualgais na hoifige sin a chomhlíonadh;

- seirbhísí dlí gairmiúla ar an gcaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do na Ranna agus do na hOifigí;
- reachtaíocht a dhréachtú;
- seirbhísí dlíthíochta a sholáthar;
- cur le seirbhís éifeachtach phoiblí trí chomhordú ar sheirbhísí dlí an Stáit a spreagadh agus a bheith páirteach ann;
- a chinntiú go gcuirtear seirbhísí dlí ar fáil ar bhonn éifeachtach don Rialtas, na Ranna, agus na hOifigí, agus go mbíonn gaol oibre éifeachtach torthúil ag an Oifig seo leo, agus aird ar an bPlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus, go háirithe, prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí.

2.2.1 Na hAbhcóidí Comhairleacha

Tá taobh Comhairleach na hOifige roinnte ina chúig shainghrúpa lena gclúdaítear na sainréimsí dlí go léir. Is éard atá ann ná abhcóidí (Abhcóidí Comhairleacha) a ndéanann gach duine acu speisialtóireacht i sainréimsí éagsúla dlí. I gceannas gach grúpa ar leith tá bainisteoir grúpa a bhfuil céim aige nó aici nach ísle ná cothrom Rúnaí Chúnata. Is é an príomhdhualgas atá ar Abhcóide Comhairleach ná cuidiú a thabhairt chun feidhmeanna agus dualgais

an Ard-Aighne a chomhlíonadh. Tacaíonn foireann chléireachais thiomnaithe le gach grúpa, agus tá an fhoireann sin eolach ar ghnó an ghrúpa. Clúdaítear réimse fairsing ábhar, ach baineann na gníomhaíochtaí féin le trí réimse feidhmiúcháin, mar atá:

- soláthar na comhairle;
- stiúradh na dlíthíochta;
- páirt a ghlacadh i seirbhís dréachtaithe a sholáthar do na Ranna Rialtais.

2.2.2 Dlíodóirí ar iasacht chuig Ranna Rialtais

Mar chuid den éagsúlú ar an tsamhail seachadta de sheirbhísí dlí agus mar aitheantas ar an ngá níos mó atá le hionchur dlíthiúil ag céim luath sna Ranna Rialtais, tá clár iasachta ar éirigh go geal leis á reáchtáil ag an Oifig ó 2006 i leith, faoina gcuirtear Abhcóidí Comhairleacha agus Aturnaetha ón Oifig i mbun oibre mar chomhairleoirí dlí sna Ranna Rialtais.

Dlíodóirí bunreachtúla a bhfuil an-taithí acu ar an obair sin is ea na hAbhcóidí Comhairleacha a chuirtear ar socrú i Ranna, agus cuirtear sainoiliúint orthu in Oifig an Ard-Aighne chun iad a ullmhú i gcomhair a dtréimhsí ar socrúchán.

Na comhairleoirí dlí a chuirtear ar socrú laistigh de na Ranna, soláthraíonn siad comhairle dlí maidir le nithe a gcuireann an Roinn agus an tAire iomchuí faoina mbráid agus déileálann siad le go leor gnéithe de na riachtanais laethúla maidir le hionchur dlí a d'fhéadfadh

a bheith ag Roinn, ó thaobh cúnamh le tionscadail reachtacha agus le ceisteanna discréideacha dlí a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le príomhthionscnaimh beartais.

Bíonn léargas ar leith ar riachtanais dhlíthiúla Roinne ag na comhairleoirí dlí sin a bhíonn ag obair laistigh den Roinn féin. Forbraíonn siad saineolas dlí ar an réimse ina gcuirtear ar socrú iad agus soláthraíonn siad comhairle dlí éifeachtach, spriocdhírthe a bhaineann go sonrach le cliaint ar leith i gcomhthéacs cúlra leathan saineolais dlí phoiblí atá bainte amach acu san Oifig. Forbraíonn siad caidreamh oibre le gach duine de na páirtithe leasmhara a bhíonn i gceist agus bíonn siad ina bpointe tábhachtach teagmhála idir na Ranna agus oifigí dlí an Stáit.

Bíonn ról tábhachtach ag na comhairleoirí dlí chomh maith maidir le ceapadh foriomlán faisnéisithe don Oifig agus cabhraíonn siad leis na Ranna ábhair a d'fhéadfadh tábhacht dlí nó tábhacht bhunreachtúil ar leith a bheith leo a shainathint ag céim luath agus iadsan a chur faoi bhráid an Ard-Aighne chun comhairle a fháil.

In 2012, bhí 12 Abhcóide Chomhairleacha agus aon aturnae amháin tugtha ar iasacht ag an Oifig ó OPAS do dheich Roinn rannpháirteacha. In 2013, mar gheall ar an méadú ar an éileamh, leathnaíodh an clár socrúcháin go mór agus tá 23 comhairleoir dlí ar socrú ag an Oifig faoi láthair i 15 chinn de Ranna agus Oifigí Rialtais.

Ina theannta sin, bhain OPAS leas as samhail nua um sholáthar

seirbhíse in 2013, trína ndearna Ranna áirithe cistiú ar sheisear aturnaí ó OPAS chun sainobair a bhaineann le maoin a dhéanamh do na Ranna sin. Fostaíodh beirt aturnaí don Roinn Cosanta, aturnaí amháin don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, aturnaí amháin don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus beirt aturnaí don Roinn Coimirce Sóisialaí.

Fáilteann an Oifig roimh an rath atá ar na cláir sin agus tá sé beartaithe aici leanúint ar aghaidh ag tabhairt nuálaíochtaí isteach mar is cuí agus í ag iarraidh freastal ar riachtanais an Rialtais maidir le comhairle dlí a sholáthar san am atá le teacht.

2.2.3 Buanionadaíocht san Aontas Eorpach

Tá Abhcóide Comhairleach sannta ag an Oifig le bheith ar iasacht ag Buanionadaíocht na hÉireann san Aontas Eorpach sa Bhruiséil mar chomhairleoir dlí. Ón tráth ar bunaíodh é sa bhliain 1996, tá ról an chomhairleora dlí tagtha chun cinn mar ghné intreach, bhunriachtanach d’fheidhmiú éifeachtach na Buanionadaíochta. Is ról an-ilghnéitheach é agus baineann raon leathan feidhmeanna agus dualgas leis.

Tugann an comhairleoir dlí comhairle dlí d’ionadaithe na Ranna Rialtais uile atá ina mbaill den Bhuanionadaíocht, ar an raon leathan saincheisteanna dlí a éiríonn ar bhonn laethúil agus a mbíonn an-phráinn leo go minic. Toisc go mbíonn an comhairleoir dlí páirteach i gcaibidlí tábhachtacha an AE, lena n-áirítear athchóiriú an Chonartha agus forbairtí suntasacha eile maidir le reachtaíocht, bíonn

luathbhaint anois ag an Ard-Aighne leis an gcomhairliú ar shaincheisteanna suntasacha dlí an AE. Cuimsíonn an ról sin comhairlí, tuairimí agus faisnéisithe a sholáthar ó bhéal agus i scríbhinn maidir le hábhair dlí an AE, saincheisteanna dlí baile agus saincheisteanna bunreachta a éiríonn i gcomhthéacs bhallaíochta na hÉireann san Aontas. Leis an tseirbhís sin, éascaítear comhairle dlí a lorg agus a sholáthar i dtaobh tionscnaimh chomhphobail agus déantar iarracht a chinntiú go mbíonn na Ranna feasach ar a ndualgais faoi dhlí na hEorpa agus cothrom le dáta ina leith, sa mhéid is féidir. Cuimsíonn an ghné thaidhleoireachta den ról an-chuid comhairliúcháin, faisnéisithe agus caibidlíochta taobh istigh den Chomhairle chun leasa dlíthiúla an Stáit a chosaint agus a chur chun cinn.

2.2.4 Dréachtóirí Parlaiminte

Cuimsíonn Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte (ODP) don Rialtas foireann sainlíodóirí atá oilte ar leibhéal ard i ndisciplín dréachtaithe na reachtaíochta. Is é sprioc an OPC ná sainseirbhís ardchaighdeánach agus gairmiúil a chur ar fáil don Rialtas don dreachtú reachtaíochta.

Is é príomhobair ODP Billí Rialtais a dhréachtú lena dtabhairt isteach i dTithe an Oireachtais agus reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú, de réir mar is cuí, do Ranna nó Oifigí Rialtais, lena n-áirítear ionstraimí lena ndéantar reachtaíocht an AE a thrasú ina dlí baile faoi Achtanna na gComhphobal Eorpach 1972 - 2009.

Tá an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte i gceannas ar ODP, agus, laistigh d'Oifig an Ard-Aighne, is ar an té sin atá an fhreagracht fhoriomlán maidir leis na seirbhísí dréachtaithe reachtaíochta a sholáthraíonn sí.

Tá ODP eagraithe ina trí ghrúpa, gach ceann acu freagrach as seirbhísí dréachtaithe a chur ar fáil do Ranna agus Oifigí áirithe de chuid an Rialtais. I gceannas gach grúpa ar leith tá bainisteoir grúpa a bhfuil céim aige nó aici nach ísle ná cothrom Rúnaí Chúnta. Tá an Bainisteoir Grúpa freagrach as bainistiú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí dréachtaithe de chuid ODP do na Ranna agus na hOifigí arna sannadh don ghrúpa sin. Tacaíonn foireann chléireachais thiomnaithe le gach grúpa, agus tá an fhoireann sin eolach ar ghnó an ghrúpa.

2.2.5 Riarachán

Cuimsíonn Rannóg seo na hOifige Aonaid thiomnaithe Ghnó a thugann tacaíocht maidir le soláthar sheirbhísí na hOifige mar aon le dualgais na hOifige i gcomhthéacs an Chláir Athruithe sa tSeirbhís Phoiblí. Is iad na hAonaid Ghnó sin:-

- An tAonad Leabharlainne agus Fios Gnó
- Aonad na Teicneolaíochta Faisnéise
- An Chlárlann
- An tAonad Airgeadais
- An tAonad Acmhainní Daonna
- An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí (comhroinnte leis an OPAS)
- An tAonad um Bainistíocht Athruithe (comhroinnte leis an OPAS)

- An tAonad Seirbhísí Corparáideacha
- Oifig Phríobháideach an Ard-Aighne
- Oifig Phríobháideach an Ard-Stiúrthóra
- Oifig Phríobháideach an Phríomh-Dhréachtóra Parlaiminte.

3. Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

3.1 Róil agus Feidhmeanna na hOifige

Is comhpháirt d'Oifig an Ard-Aighne í Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus is í an príomhsholáthraí seirbhísí Aturnae í don Ard-Aighne agus do gach Roinn agus Oifig Rialtais. Cuireann an CSSO seirbhísí Aturnae ar fáil freisin do Ghníomhaireachtaí áirithe eile Stáit agus do Bhinsí Fiosrúcháin, ach ní fheidhmíonn sí ar son daoine den phobal.

Áirítear le príomhfheidhmeanna na hOifige;

- maoin an Stáit a thíolacadh, lena n-áirítear plé le cúrsaí tiarnaí talún agus tionóntaí agus cúrsaí eile maoin.
- comhairle dlí a sholáthar faoi na saincheistanna éagsúla a chuireann an Rialtas, na Ranna agus na hOifigí faoina bráid, agus dréachtú na gcáipéisí dlíthiúla riachtanacha a ghabhann leo, lena n-áirítear conarthaí tráchtála.
- seirbhís Aturnae a sholáthar i ngach cúirt shibhialta a bhfuil an Stát nó an tArd-Aighne bainteach léi.
- ionchúisimh arna dtionscnamh ag Airí nó Ranna Rialtais a ullmhú agus a sheachadadh.

- seirbhís Aturnae a sholáthar don Gharda Síochána i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.
- feidhmiú mar Ghníomhaire an Rialtais os comhair Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa.
- feidhmiú don Stát i bhFiosruithe faoi na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) 1921 - 2004 agus foireann dlí a sholáthar chun feidhmiú ar son na mBinsí, ar son leas an phobail agus ar son Údaráis Stáit ábhartha eile.
- comhairle a chur ar pháirtithe Stáit i gcúrsaí tearmainn, dídine agus inimirce agus ionadaíocht a dhéanamh dóibh.
- feidhmiú don Stát in imeachtaí Eiseachadta agus in imeachtaí Barántais Gabhála Eorpaigh, in Iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach, Ionchoisní, Iarratais a bhaineann le Maoin i seilbh an Gharda Síochána, agus cásanna a bhaineann le haistriú Daoine Daortha.
- feidhmeanna a chomhlíonadh faoi Rialachán (C.E.) Uimh. 1348/2000 na Comhairle an 29 Bealtaine 2000 agus faoi Choinbhinsiún na Háige 1965 maidir le seirbheáil Doiciméad Breithiúnach agus Seachbhreithiúnach i gcúrsaí sibhialta nó tráchtála thar lear.
- ionadaíocht a dhéanamh don Stát i bhfómhais costas os comhair na Máistrí Fómhais agus in achomhairc.

De ghnáth, is í Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, trí Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, a chuireann an tseirbhís aturnae ar fáil d'ionchúiseamh coireanna. I gcás ionchúiseamh a tharlaíonn taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, is í an tseirbhís aturnae Stáit áitiúil a

sholáthraíonn an tseirbhís aturnae. Tá an fhreagracht as an tseirbhís aturnae Stáit áitiúil a sholáthar agus a bhainistiú aistrithe ó OPAS go dtí Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí.

3.1.1 Rannóga Dlí

Eagraítear Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit de réir cúig Rannóg dlí. Is iad na cúig Rannóg dlí an Rannóg Chomhairleach, an Dlí Coiteann, Ceart agus Tearmann, an Dlí Poiblí agus Maoin Stáit. Eagraítear gach Rannóg i gcodanna (nó, i gcásanna áirithe, foirne) de réir chosúlacht na hoibre nó chosúlacht na gcliant. Glactar príomhéilimh na gcliant san áireamh i gcúrsaí eagraíochta.

3.1.2 Riarachán

Cuimsíonn Rannóg seo na hOifige Aonaid thiomnaithe Ghnó a thugann tacaíocht maidir le soláthar sheirbhísí na hOifige mar aon le dualgais na hOifige i gcomhthéacs an Chláir Athruithe sa tSeirbhís Phoiblí. Is iad na hAonaid Ghnó sin:-

- An tAonad Acmhainní Daonna
- An tAonad Oiliúna agus Forbartha
- An tAonad Leabharlainne agus Fios Ghnó
- Rannóg na gCuntas
- Aonad na Teicneolaíochta Faisnéise
- An tAonad Seirbhísí Oifige
- An Chlárlann agus Lárionad na dTaifead
- Oifig Phríobháideach an Phríomh-Aturnae Stáit

4. **Páirtithe Leasmhara**

Is iad seo a leanas páirtithe leasmhara Oifig an Ard-Aighne lena n-áirítear Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit:-

An Rialtas

Ranna agus Oifigí lena n-áirítear Ranna a bhfuil Abhcóidí

Comhairleacha ar socrúchán (a iarrann agus a fhaigheann seirbhísí dlí)

Na Cúirteanna

Coiste Reachtaíochta an Rialtais

Oifig Bhillí Thithe an Oireachtais

Oifig an Phríomh-Aoire

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Coiste Chuntais Phoiblí na Dála

An tSeirbhís Chúirteanna

Painéil Abhcóidí

Eagrais Tearmainn

Roinn an Taoisigh

Coistí an Oireachtais

An Roinn Airgeadais

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Oifig an Aturnae Ioncaim

Oifig na nOibreacha Poiblí

An Ghairm Dhlí

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Institiúidí an AE

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine
Gníomhaireachtaí Earcaíochta
Tacaíocht Ghairmiúil Sheachtrach
An Garda Síochána
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

5. Seirbhísí atá le cur ar fáil go dátheangach nó trí Ghaeilge agus feabhsú na seirbhísí atá le cur ar fáil trí Ghaeilge

5.1 Tiomantas Ginearálta Oifig an Ard-Aighne lena n-áirítear Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tá na hOifigí tiomanta do chothabháil an leibhéil seirbhíse a chuireann siad ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair agus le linn fhorfheidhmiú an chéad dá Scéim Ghaeilge. Ina theannta sin, tá na hOifigí tiomanta d'áirithiú go mbeidh soláthar leibhéal na seirbhíse arna chur ar fáil acu do chliaint agus do chustaiméirí agus, ar bhonn indéreach, don phobal i gcoitinne go dátheangach agus trí mheán na Gaeilge, go mbeidh sé leabaithe go docht i gcultúr na nOifigí thar an tréimhse ina mbeidh an tríú Scéim Ghaeilge seo á cur chun feidhme.

Na gealltanais um chaighdeáin na seirbhísí atá glactha ag na hOifigí, mar atá leagtha amach sa *Treoir Seirbhíse do Chliaint* de chuid Oifig an Ard-Aighne (agus Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas san áireamh) agus sa *Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí* de chuid Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, agus go deimhin sna *Cairteacha Cliant agus Custaiméirí* de chuid na hOifige maidir le soláthar seirbhísí, beidh feidhm acu maidir leis na seirbhísí siúd, cibé acu an i nGaeilge nó i mBéarla a gcuirtear ar fáil iad.

Chomh maith leis na dualgais atá orthu faoi na forálacha eile d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh, cinnteoidh na hOifigí go leanfar ar aghaidh le forfheidhmiú na ngealltanais seo a leanas:

- leanúint ag freagairt i nGaeilge gach comhfhreagras a fhaightear i nGaeilge, de réir alt 9(2) den Acht;
- painéal neamhfoirmiúil Abhcóidí Comhairleacha a bhfuil inniúlacht Ghaeilge acu a choinneáil ar bun in Oifig an Ard-Aighne, a admhóidh agus a fhreagróidh comhfhreagras agus teagmhálaithe;
- Más amhlaidh go ndéantar imeachtaí dlí a thionscnamh trí Ghaeilge, an cás a shannadh do bhaill foirne dlí i ngach Oifig a bhfuil inniúlacht Ghaeilge acu agus abhcóide a bhfuil líofacht Ghaeilge aige nó aici a ainmniú chun feidhmiú don Stát.
- leanúint ag cur na Gaeilge chun cinn go gníomhach i measc na foirne i gcoitinne agus an fhoireann a spreagadh chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge;
- an Beartas Oiliúna Teanga a chur chun feidhme in Oifig an Ard-Aighne, lena mbunaítear creat chun cur le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na hoiliúna teanga, lena n-áirítear an oiliúint sa Ghaeilge a chuirtear ar fáil don fhoireann;
- leanúint le nuashonrú a dhéanamh ar ríomh-Leabhar Reachtanna na hÉireann (rLRÉ), ionas go n-áireofaí ann téacs Gaeilge na nAchtanna uile (lena n-áirítear leasuithe bunreachtúla) arna n-achtú sa dá theanga oifigiúla;
- leanúint ag cinntiú, nuair a shuiteáiltear córais ríomhaireachta nua nó nuair atá cothabháil chuí nó uasghrádú cuí á dhéanamh ar chórais ríomhaireachta

ábhartha atá ann cheana, go bhfuil siad comhoiriúnach leis an nGaeilge faoi réir a bhfuil ar fáil agus gan cur as don leibhéal seirbhísí atá ar fáil cheana féin;

- a chinneadh go seolfar seirbhísí idirghníomhacha go comhuaineach sa dá theanga feasta, má tharlaíonn cúinsí dá shórt (agus sainordú na nOifigí san áireamh, is ar éigean go bhfuil éileamh ar bith ar sheirbhísí idirghníomhacha atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne);
- an painéal abhcóidí le líofacht Ghaeilge, a thug le fios go bhfuil siad sásta feidhmiú don Stát, a choinneáil faoi athbhreithniú i gcónaí;
- bheith ag tomhais go leanúnach an leibhéal éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge ó chliaint agus chustaiméirí, agus aon bhearta breise is gá a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun freastal ar na héilimh sin;
- leanúint ag coinneáil Fo-ghrúpaí Comhpháirtíochta Gaeilge ar leithligh in Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte agus Oifig Phríomh-Atur nae an Stáit, a bhfuil ról acu maidir le cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne sa dá Oifig, trí imeachtaí sóisialta agus eile;
- an post mar Oifigeach Gaeilge a choinneáil sa dá Oifig d'fhonn cur chuige dírithe comhordaithe a sholáthar maidir le leibhéal na seirbhíse a sholáthraítear trí Ghaeilge a fheabhsú thar shaolré na Scéime;
- athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an líon foirne atá

inniúil sa Ghaeilge agus ar earcú ball foirne a bhfuil sé d'acmhainn acu feidhmiú trí Ghaeilge agus trí Béarla nuair is gá chun dualgais a chomhlíonadh;

- fardal leictreonach agus páipéir d'ábhar acmhainne Gaeilge a chothabháil agus a nuashonrú ar bhonn leanúnach;
- láithreáin ghréasáin na hOifige a chothabháil agus a nuashonrú i bhformáid dhátheangach. Ón taobh sin de, cinnteoidh na hOifigí go mbeidh gach foilseachán, lena n-áirítear aon bhileoga eolais agus aon bhróisiúir a fhoilsítear trí Ghaeilge nó go dátheangach, ar fáil ar leagan Gaeilge an láithreáin gréasáin ag an am céanna leis an leagan Béarla;
- a chinntiú gur ábhar dátheangach a bheidh ar láithreán gréasáin nua ar bith a bhunóidh na hOifigí le linn na scéime seo.
- gach fógra faoi fholúntas poist a chur ar fáil sa dá theanga;
- leanúint ag coinneáil seoltaí ríomhphoist ar leith ag an dá Oifig (eolas@ag.irlgov.ie eolas@csso.gov.ie) ar féidir fiosruithe trí Ghaeilge a chur chucu, agus an séanadh caighdeánach dátheangach a bheith ar gach teachtaireacht ríomhphoist amach;
- a chinntiú go leanfaidh na hOifigí ag soláthar foirmeacha iarratais go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla ar na láithreáin ghréasáin agus, nuair is cuí, foirmeacha den sórt sin a fhoilsiú go dátheangach faoi chlúdach amháin. Cinnteoidh na hOifigí, nuair a sholáthraítear leaganacha ar leithligh Gaeilge agus Béarla d'fhoirmeacha iarratais, go

mbeidh ráiteas cuí ar an leagan Béarla den cháipéis ag cur in iúl go bhfuil leagan ar leith Gaeilge den cháipéis ar fáil, agus go mbeidh an leagan Gaeilge chomh héasca le fáil leis an leagan Béarla;

- tosaíocht a thabhairt don Ghaeilge ar lógó na hOifige ar gach stáiseanóireacht, duillín dea-mhéine agus cárta gnó;
- a chinneadh go gcomhlíonfar na riachtanais maidir le hoiliúint agus acmhainní arna sainathint ag Oifig na Gaeilge i dtuairiscí rialta chuig na Coistí Comhairleacha Bainistíochta áitiúla agus Príomhúla.
- leanúint ag tairiscint post taithe oibre trí mhí, gach bliain, do mhac léinn atá ag déanamh staidéir dlí trí Ghaeilge i nDámh an Dlí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

5.2 Ríomh-Leabhar Reachtanna na hÉireann (rLRÉ)

Foilsíonn Oifig an Ard-Aighne ríomh-Leabhar Reachtanna na hÉireann (rLRÉ) ar líne ag www.irishstatutebook.ie. Tá téacs iomlán na nAchtanna agus na nIonstraimí Reachtúla ó 1922 i leith sa rLRÉ, sa teanga inar reachtaíodh nó ina ndearnadh iad. Sa chás gur achtaíodh Acht éigin sa dá theanga (mar shampla, Acht lena leasaítear an Bunreacht), tá téacs an Achta ar fáil sa dá theanga oifigiúla ar rLRÉ. Tá téacs iomlán an Bhunreachta foilsithe freisin sa dá theanga oifigiúla. Nuashonraítear rLRÉ ar bhonn rialta.

Níl sé beartaithe faoi láthair leagan Gaeilge de ríomh-Leabhar Reachtanna na hÉireann a fhoilsiú. Óstálann Seirbhís Thithe an Oireachtais (STO) láithreán gréasáin dátheangach ag

www.achtanna.ie, mar a bhfuil aistriúcháin Ghaeilge ar Achtanna an Oireachtais a achtaíodh trí Bhéarla ó 1922 go 2009 (le roinnt eisceachtaí).

5.3 Reachtaíocht

Is i mBéarla a dhéantar gach reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach a dhréachtú in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas. Tá an fhreagracht ar Rannóg an Aistriúcháin in Oifig na mBillí, Seirbhís Thithe an Oireachtais, gach reachtaíocht phríomhúil a aistriú go Gaeilge.

5.4 Fáilteoirí/Teileafónaithe

Is iad an fhoireann fáiltithe agus na teileafónaithe an chéad phointe teagmhála le cuairteoirí chuig an dá Oifig. Beidh sé mar bheartas ag na hOifigí a chinntiú go bhfeidhmítear an gnáthchleachtas maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí sa réimse seo. Dá réir sin, ó thús na Scéime:

- Cinnteoidh an fhoireann fáiltithe agus na teileafónaithe ar bhonn leanúnach go dtabharfar ainm na nOifigí i nGaeilge agus i mBéarla araon;
- Tá an fhoireann fáiltithe agus na teileafónaithe eolach ar na gnáthbhealaí chun beannú do dhuine i nGaeilge;
- Tá socruithe cuí i bhfeidhm ionas gur féidir daoine den phobal a shannadh nó a aistriú gan mhoill chuig oifigeach a phléifidh lena bhfiosrú trí Ghaeilge, má tá a leithéid de dhuine ar fáil;
- Cuirfear oiliúint athnuachana ar fáil go leanúnach, de réir mar is

gá, don fhoireann fáiltithe agus do na teileafónaithe, lena chinntiú go ndéileálfar le cumarsáid trí Ghaeilge go pras agus go sásúil.

5.5 Oifigeach na Gaeilge

Leanfaidh Oifigigh na Gaeilge sa dá Oifig ag déanamh na rudaí seo a leanas:

- Beidh siad ag obair i ndlúthpháirt le chéile chun cur chuige atá dírithe agus comhordaithe a chur ar fáil a fheabhsóidh leibhéal na seirbhíse a sholáthraítear trí Ghaeilge le linn shaolré na Scéime;
- Beidh siad i dteagmháil leis na Cinn Riaracháin sa dá Oifig maidir leis na riachtanais oiliúna foirne a shainaitheofar ó am go chéile;
- Soláthróidh siad cúnamh cúltaca agus pointe tagartha do gach ball foirne a ghlacann glaonna teileafóin nó a dhéileálann le comhfhreagras scríofa nó leictreonach eile trí Ghaeilge;
- Tabharfaidh siad comhairle uathu faoi cén uair is gá ábhar Gaeilge a chur amach le haghaidh aistriúchán gairmiúil;
- Tuairisceoidh siad go rialta do na Cinn Riaracháin agus na Coistí agus Comhpháirtíochtaí Comhairleacha Bainistíochta áitiúla agus Príomhúla mar is cuí, ag sainaitheint na gcéimeanna atá glactha chun gealltanais na hOifige faoin Scéim 2015 – 2018 a chomhlíonadh, agus ag déanamh moltaí maidir le riachtanais oiliúna agus acmhainne bhreise;

- Déanfaidh siad fardal, i gcomhar leis an Aonad Acmhainní Daonna i ngach Oifig faoi seach, den éileamh ar sheirbhísí Gaeilge, fad atá Scéim 2015 – 2018 á forfheidhmiú;
- Déanfaidh siad suirbhé, i gcomhar leis an Aonad Acmhainní Daonna i ngach Oifig faoi seach, ar leibhéal inniúlachta na foirne sa Ghaeilge faoi dheireadh mhí na Nollag 2015;
- Beidh siad i dteagmháil leis an Oifigeach Oiliúna i ngach Oifig faoi seach maidir le cúrsaí oiliúna sa Ghaeilge a chur chun cinn;
- Beidh siad i dteagmháil leis an Aonad Acmhainne Daonna i ngach Oifig faoi seach maidir le taifead chun dáta a bhunú ar an gCóras Bainistíochta Acmhainní Daonna de na baill foirne a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge acu, faoi Nollaig 2015;
- Beidh siad i dteagmháil leis an Aonad Leabharlainne agus Fios Gnó agus leis an Aonad TF i ngach Oifig faoi seach maidir le nuashonrú an fhardail leictreonaigh agus páipéir d’ábhar acmhainne i nGaeilge;

5.6 Poist Shonraithe ina bhfuil Gá leis an nGaeilge

I bhfianaise bheartas an Rialtais maidir le soláthar feabhsaithe seirbhísí as Gaeilge, tabharfaidh na hOifigí, faoi dheireadh na tréimhse atá clúdaithe ag an scéim, faoi athbhreithniú d'fhonn aon phoist a bhfuil inniúlacht Ghaeilge riachtanach ina leith a shainaitheint. Déanfar gach iarracht na riachtanais sin a chomhlíonadh faoi dheireadh na scéime seo ag féachaint do na beartais earcaíochta, ardú céime agus oiliúna, de réir mar is cuí. Leis sin, cuirfear ar chumas na nOifigí pleanáil a dhéanamh i gcomhair feabhas incriminteach ar

sheirbhísí i nGaeilge ar bhealach níos straitéisí, agus tús áite a thabhairt dó sin.

6. Monatóireacht

Coinneoidh an tOifigeach Gaeilge i ngach Oifig, i gcomhar leis an gCeann Riaracháin cuí, feidhmiú éifeachtach na Scéime faoi athbhreithniú, agus cuirfidh sé nó sí tuairiscí tréimhsiúla chuig an gCoiste Comhairleach Bainistíochta áitiúil cuí agus chuig Comhchoiste Comhairleach Bainistíochta Príomhúil OAA/OPAS.

7. Poibliú na Scéime comhaontaithe

Poibleofar ábhar na Scéime seo mar aon leis na tiomantais agus na forálacha atá inti mar seo a leanas:-

- An Scéim a sheoladh ar Láithreáin Ghréasáin na nOifigí

Ina theannta san, glacfaidh an dá Oifig gach deis ina gcumarsáid le cliaint agus le custaiméirí chun na seirbhísí a sholáthraíonn siad trí Ghaeilge a chothú agus a phoibliú le fógraí sna hionaid fáiltithe a léiríonn na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil, agus, ina theannta sin, trí na seirbhísí céanna a liostáil go feiceálach ar láithreáin ghréasáin na nOifigí.

Tá cóip den Scéim seo curtha faoi bhráid Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla chomh maith.

Is é an leagan Béarla buntéacs na scéime seo.